# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 85

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

22 Feabhra 2022


Clár


II *Faisnéis*

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Coimisiún Eorpach**

2022/C 85/01 — Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10604 – OXFORD PROPERTIES / PINEBRIDGE BENSON ELLIOT / SIGMA) [1] ..... 1

2022/C 85/02 — Fógra maidir le comhchruinniú a tharraingt siar (Cás M.9987– NVIDIA / ARM) [1] ..... 2

2022/C 85/03 — Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10555 – ADIA / TRANSURBAN / AUSTRALIANSUPER / CPP INVESTMENTS / WCX) [1] ..... 3

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Coimisiún Eorpach**

2022/C 85/04 — Ráta úis arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach ar a phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin: — 0,00 % an 1 Feabhra 2022 — Rátaí malairte an euro ..... 4

**An Chúirt Iniúchóirí**

2022/C 85/05 — Tuarascáil speisialta Uimh. 4/2022 — Cistí infheistíochta: Níl fíormhargadh aonair cruthaithe ag gníomhaíochtaí an Aontais fós a théann chun tairbhe d'infheisteoirí ..... 5


GA

[1] Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

**An Coimisiún Eorpach**

2022/C 85/06 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10625 - CARLYLE GROUP / MACQUARIE GROUP / HYCC) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe (1) ..... 6

(1) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

*(Faisnéis)*

# FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi**

**(Cás M.10604 – OXFORD PROPERTIES / PINEBRIDGE BENSON ELLIOT / SIGMA)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 85/01)

An 15 Feabhra 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin "mBeartas iomaíochta" atá ag an gCoimisiún (http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10604. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

**Fógra maidir le comhchruinniú a tharraingt siar**

**(Cás M.9987– NVIDIA / ARM)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 85/02)

An 8 Meán Fómhair 2021, fuair an Coimisiún fógra ([1]) maidir le comhchruinniú a bhí beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]) (an "Rialachán um Chumaisc") agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin.

An 27 Deireadh Fómhair 2021, chinn an Coimisiún imeachtaí a thionscnamh ([3]) faoi Airteagal 6(1)(c) den Rialachán um Chumaisc. An 8 Feabhra 2022, chuir an páirtí a thug fógra an Coimisiún ar an eolas gur tharraing sé a fhógra siar agus léirigh sé gur éirigh sé as an gcomhchruinniú.

([1]) IO C 370, 15 Meán Fómhair 2021, lch. 10.
([2]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.
([3]) IO C 447, 4 Samhain 2021, lch. 2.

**Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi**

**(Cás M.10555 – ADIA / TRANSURBAN / AUSTRALIANSUPER / CPP INVESTMENTS / WCX)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 85/03)

An 8 Feabhra 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin "mBeartas iomaíochta" atá ag an gCoimisiún (http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10555. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Ráta úis arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach ar a phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin** [1]**:**

**0,00 % an 1 Feabhra 2022**

**Rátaí malairte an euro** [2]

**21 Feabhra 2022**

(2022/C 85/04)

**1 euro =**

| | Airgeadra | Ráta malairte | | Airgeadra | Ráta malairte |
|---|---|---|---|---|---|
| USD | dollar na Stát Aontaithe | 1,1338 | CAD | dollar Cheanada | 1,4454 |
| JPY | yen na Seapáine | 130,20 | HKD | dollar Hong Cong | 8,8443 |
| DKK | krone na Danmhairge | 7,4397 | NZD | dollar na Nua-Shéalainne | 1,6870 |
| GBP | punt steirling | 0,83298 | SGD | dollar Shingeapór | 1,5265 |
| SEK | krona na Sualainne | 10,6535 | KRW | won na Cóiré Theas | 1 353,02 |
| CHF | franc na hEilvéise | 1,0387 | ZAR | rand na hAfraice Theas | 17,1895 |
| ISK | króna na hÍoslainne | 141,40 | CNY | renminbi-yuan na Síne | 7,1831 |
| NOK | krone na hIorua | 10,1738 | HRK | kuna na Cróite | 7,5360 |
| BGN | lev na Bulgáire | 1,9558 | IDR | rupiah na hIndinéise | 16 276,34 |
| CZK | koruna Phoblacht na Seice | 24,345 | MYR | ringgit na Malaeisia | 4,7387 |
| HUF | forint na hUngáire | 357,54 | PHP | peso na nOileán Filipíneach | 58,300 |
| PLN | zloty na Polainne | 4,5351 | RUB | rúbal na Rúise | 89,0866 |
| RON | leu na Rómáine | 4,9448 | THB | baht na Téalainne | 36,588 |
| TRY | lira na Tuirce | 15,4689 | BRL | real na Brasaíle | 5,8045 |
| AUD | dollar na hAstráile | 1,5751 | MXN | peso Mheicsiceo | 22,9951 |
| | | | INR | rúipí na hIndia | 84,6770 |

[1] Ráta arna chur i bhfeidhm ar an oibríocht is déanaí a rinneadh roimh an lá léirithe. I gcás tairiscint a mbaineann ráta athraitheach léi, is ionann an ráta úis agus an ráta imeallach.

[2] *Foinse*: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

# AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ

## Tuarascáil speisialta Uimh. 4/2022

## Cistí infheistíochta: Níl fíormhargadh aonair cruthaithe ag gníomhaíochtaí an Aontais fós a théann chun tairbhe d'infheisteoirí

(2022/C 85/05)

Leis seo, tugann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa le fios go bhfuil tuarascáil speisialta Uimh. 4/2022 "Cistí infheistíochta: Níl fíormhargadh aonair cruthaithe ag gníomhaíochtaí an Aontais fós a théann chun tairbhe d'infheisteoirí" foilsithe anois.

Is féidir breathnú ar an tuarascáil nó í a íoslódáil ar shuíomh gréasáin Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: http://eca.europa.eu

V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

## (Cás M.10625 - CARLYLE GROUP / MACQUARIE GROUP / HYCC)

## Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 85/06)

1. An 15 Feabhra 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Nobian Industrial Chemicals B.V. ("Nobian", an Ísiltír), faoi rialú Carlyle Group ("Carlyle", SAM);

— Norgh Holding Company Limited ("Norgh", RA), atá faoi rialú ag Green Investment Group Limited ("GIG", RA), atá faoi rialú ag Macquarie Group Limited ("Macquarie", an Astráil);

— HyCC Holding B.V. ("JV", an Ísiltír).

Gheobhaidh Nobian agus Norgh rialú comhpháirteach ar JV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Táirgeann Nobian buncheimiceáin fhíor-riachtanacha le haghaidh tionscail éagsúla idir an earnáil tógála agus an tionscal glantóireachta agus an tionscal cógaisíochta agus an tionscal cóireála uisce. Is corparáid Mheiriceánach ilnáisiúnta cothromais phríobháidigh, bainistithe mhalartaigh sócmhainní agus seirbhísí airgeadais é a mháthaireintiteas Carlyle;

— Is forbróir, urraitheoir agus infheisteoir speisialaithe é GIG, máthaireintiteas Norgh, a bhfuil sé de mhisean aige dlús a chur leis an aistriú glas, agus is i nDún Éideann na hAlban atá a cheanncheathrú. Tá GIG faoi rialú Macquarie, banc infheistíochta agus cuideachta seirbhísí airgeadais neamhspleách ilnáisiúnta, agus is san Astráil atá a cheanncheathrú agus is sa tír sin atá sé liostaithe.

— Beidh JV gníomhach i dtáirgeadh hidrigine glaine.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10625 - CARLYLE GROUP / MACQUARIE GROUP / HYCC

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs 32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA